C/2026/215

7.1.2026

MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 19 Nollaig 2025

do Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Banka Slovenije

(BCE/2025/42)

(C/2026/215)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha Banka Slovenije, Mazars, družba za revizijo, d. o. o., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2026. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2027.

(3) Roghnaigh Banka Slovenije ERNST & YOUNG Revizija, poslovno svetovanje, d. o. o. mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2027 go 2029,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gceapadh ERNST & YOUNG Revizija, poslovno svetovanje, d. o. o. mar iniúchóirí seachtracha Banka Slovenije do na blianta airgeadais 2027 go 2029.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 19 Nollaig 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE